Ealaíona na Gaeilge & Albainis Uladh

Iniúchadh & Anailís Riachtanas
An Tuairisc Dheiridh

Coimriú Feidhmitheach

Ullmhaithe do:
Arts Council of Northern Ireland
MacNeice House
77 Malone Road
BELFAST
BT9 6AQ

Ullmhaithe ag:
Marketing Strategy & Planning
Brookmount
56 Warren Road
DONAGHADEE
BT21 0PD
Guthán & Facs 028 91 883 171
Ríomhphost: johnedmund@enterprise.net

COIMIRIÚ FEIDHMITHEACH

Aidhm

1 Tá faoin tionscnamh taighde seo iarracht a dhéanamh luacháil a dhéanamh ar staid na forbartha agus na gníomhaíochta sin a bhaineann leis na healaíona a sheasann d'oidhreacht phobal na Gaeilge agus phobal Albainis Uladh i dTuaisceart Éireann. Tá faoi chomh maith, bealaí a mholadh chun go bhféadfaí polasaithe, straitéisí agus cláir fhorbartha tacaíocht a thabhairt do phobail dhúchasacha Thuaisceart Éireann amach anseo.

Sainmhíniú

2 Is chuige seo a rinne "Coiste Stiúrtha an Tionscnaimh Thaighde" achair an taighde a shainmhíniú mar seo: -

- **Ealaíona na Gaeilge** – ealaíona a bhaineann go díreach leis an Ghaeilge agus béim ar leith ar amhránaíocht ar an tsean-nós, drámaíocht Ghaeilge agus scríbhneoireacht chruthaitheach i nGaeilge;
- **Ealaíona Albainis Uladh** – gníomhaíochtaí ealaíona a bhfuil bunús Albanach acu i bhformhór (.i. gníomhaíochtaí ealaíona a bhaineann leis an Albainis in Ulaidh; sainealaíona nach ealaíona teangeolaíocha iad a bhfuil a bhfréamhacha i dtraidisiún na hAlban ar tháinig forás ar leith orthu in Ulaidh), a n-aithneodh daoine a dtabharfadh Albanaigh Uladh orthu féin mar chuid de thraidisiún s'acu, agus lena chois sin, gníomhaíochtaí ealaíona (is cuma cén áit as a dtagann siad) atá coitianta i measc pobail Albainis Uladh agus atá tábhachtach acu ó thaobh na féiniúlachta de;
- **Ealaíona Traidisiúnta** – ceol, damhsa, scéalaíocht srl., a d'eascair ó na tionchair chultúrtha éagsúla a tháinig ar ghníomhaíochtaí ealaíona mhuintir na hÉireann le himeacht ama agus ar féidir a aithint go soiléir go bhfuil a bhfréamhacha i Sasana, i nGalltacht na hAlban, i nGaeltacht na hAlban nó in Éirinn.

Comhthéacs

3 Agus aithint á thabhairt do thábhacht na Ghaeilge agus d'Albainis Uladh i bpobal Thuaisceart Éireann, dhearbhaigh *Comhaontú Aoine an Chéasta*: -

- go mbunófaí Foras Teanga Thuaidh/Theas le maoiniú chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus chun teanga agus cultúr Albanaigh Uladh a chur chun cinn;
- go n-aithneofaí an Ghaeilge faoi Cuid 3 agus Albainis Uladh faoi Cuid 2 de *Cairt na hEorpa um Theangacha Réigiúnacha agus Mionteangacha*;
- go mbunófaí *Craobh Éagsúlacht Theangeolaíochta* laistigh de *Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta.*

4 Ag an am chéanna, d'admhaigh an *Clár um Rialtas* (Iarscríbhinn B – Mír 3.8), "Irish and Ulster-Scots are closely associated with the Catholic community and the Protestant community respectively, (even) though their promoters would deny that either is exclusive to those communities". Dá bhrí sin,

glacadh leis gurb iomaí dúshlán atá faoi de dheasca na héagsúlachta cultúrtha seo: -

- An bealach is fearr chun polasaí um éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn sa dóigh is nach dtabharfaí spreagadh nó tacaíocht don easaontas;
- An bealach is fearr chun na cultúir seo a chur chun cinn trí iarracht a dhéanamh fadhbanna a réiteach maidir le rannpháirtíocht, oscailteacht cuimsitheacht, agus forbairt fheidhmeannais;
- Bonneagar tacaíochta fónta a bhunú chun na rannóga cultúrtha seo a fhorbairt agus chun luacháil a dhéanamh ar dhul chun cinn s'acu.

5 Airíodh gurbh fhearr é dá socrófaí freagracht oibríochtúil na gné seo, ag cur tacaíochta ar fáil don Ghaeilge agus d'Albainis Uladh ach go háirithe, trí chur chuige trasrannach a chur i bhfeidhm, leis *An Roinn Oideachais* agus *An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta* á stiúradh.

6 Ceithre bliana ina dhiaidh, glactar leis go coitianta gur féidir leis an chultúr uirlisí tábhachtacha a chur ar fáil ionas gur féidir le pobal Thuaisceart Éireann dul i dtaithí ar an éagsúlacht atá ann, agus gur gá go mbeadh sé de ról oibriúcháin ag Comhairle Ealaíona Thuaisceart Éireann agus eagraíochtaí áirithe eile "dul chun cinn a spreagadh" trí: -

- bheith gníomhach sa dul chun cinn ar bhun pobail;
- aird a dhíriú ar fhorbairt fheidhmeannais, caighdeán a ardú agus lucht féachana/éisteachta a leathnú;
- aon leas atá ann cheana i measc phobal na n-ealaíon a dhaingniú go réamhghníomhach;
- dheontais a chur ar fáil – déanta ar an bhealach is éifeachtaí chun forbairt earnála a éascú.

ionas go gcinntítear go bhfuil forbairt fheidhmeannais: -

- bunaithe go leathan;
- ag plé leis an deighilt tuaithe/cathrach.

7 Is gá a aithint, ar bhun níos leithne, go bhfuil an Ghaeilge agus Albainis Uladh ag feidhmiú i suíomh chultúrtha ina labhraítear Béarla i bhformhór agus atá faoi thionchar 'domhandú' na heacnamaíochta, na meán agus na siamsaíochta. Tá na fadhbanna céanna ag bagairt mheath na Gaeilge agus Albainis Uladh go fadtéarmach. Dá bhrí sin caithfear aird a dhíriú ar thábhacht na meán áitiúil i gcothú agus i ndul chun cinn na gcultúr dúchasach.

8 Is tábhachtach na gnéithe iad tionchar an chóras oideachais agus tionchar an 'curaclam coiteann' sa chomhthéacs áirithe seo chomh maith. Is féidir gur baol nó gur áiméar é an t-oideachas ag pobail mhiontheangacha; braitheann sé ar acmhainn na bpobal seo cultúir s'acu a thabhairt le fios agus a chur trasna tríd an churaclam, agus tríd na himeachtaí eile a chuireann scoileanna ar fáil lasmuigh den churaclam.

Taighde bainte le healaíona na Gaeilge

9 Tá an Ghaeilge á labhairt i dTuaisceart Éireann le breis is dhá mhíle bliain. Is saintréith thábhachtach í atá mar dhlúthchuid d'fhéiniúlacht na nGael ag daoine aonair, ag eagraíochtaí agus ag pobail ina n-iomlána.

10 Ní hionann dearcadh ag daoine i bpobal na Gaeilge – d'eascair dreamanna áirithe go héagsúil agus ar chúiseanna faoi leith agus baineann dearcadh s'acu ar fhorbairt na teanga le spriocanna láithreacha nó spriocanna idé-eolaíocha s'acu.

11 Bhí claonadh ag Gaeilgeoirí aird a dhíriú ar fhorbairt na teanga – ar fhoghlaim na teanga, ar an Ghaeloideachas, ar bhunú pobal Gaeilge agus ar an bhonneagar tacaíochta a bhaineann leo. Is ar chearta teanga Ghaeilgeoirí sna seirbhísí poiblí, sláinte, oideachais agus craolacháin ach go háirithe, a bhíonn an díospóireacht dírithe de ghnáth an tráth seo.

12 Maidir leis an staidéar seo, is é an rud atá in 'ealaíona na Gaeilge' ná na healaíona sin amháin a gcuirtear i láthair trí mheán na Gaeilge iad. Is sonrach an easpa fhorbartha atá déanta ar ealaíona atá bunaithe ar an teanga.

Modhanna Taighde

13 Chun tuairim cháilíochtúil a fháil ar ealaíona na Gaeilge chuir triúr ceardaí mór le rá páipéir le chéile. Is daoine iad seo a bhfuil taithí acu ar dhrámaíocht, amhránaíocht an tsean-nóis agus scríbhneoireacht na Gaeilge. Rinneadh agallaimh le daoine áirithe a eagrú mar aon le ceistneoir a sheoladh amach tríd an phost chuig eagraíochtaí Gaeilge, chun barúil éigean cainníochtúil a fháil, go háirithe maidir le is an obair atá ag dul ar aghaidh ar bhun pobail i láthair na huaire. Is oth a rá áfach, gur bheag aischothú a fuarthas ón ghné dheireanach seo.

Rudaí a d'éirigh as

14 Shonraigh na tuairiscí a d'éirigh as an taighde na fadhbanna seo a leanas: -

Drámaíocht

- nach bhfuil pobal ann a dhéanann freastal rialta ar amharclanna i measc chainteoirí Gaeilge.
- go bhfuil easpa scríbhneoirí drámaí ann.
- go bhfuil easpa aisteoirí ann a bhfuil Gaeilge acu.
- nach bhfuil beart lárnach ann chun an ealaíon a chur chun cinn.
- go bhfuil easpa shamhlaíochta ann agus daoine acmhainneacha chun na haislingí atá acu a thabhairt le fios agus chun á ngnóthú.

Amhránaíocht ar an tsean-nós

- go bhfeictear do dhaoine áirithe gur rudaí náisiúnacha amháin iad an ceol agus an amhránaíocht thraidisiúnta.
- eisréimiú chultúrtha ar bhun domhanda.

- rata mheath na dteangacha dúchasacha a mhaireann taobh leis an Bhéarla agus an dearcadh cultúrtha atá ann i measc lucht labhartha an Bhéarla atá claonta in aghaidh theangacha eile.
- gur ar mhionchóir a bhíonn an amhránaíocht agus an ceadal, agus go bhfuil siad i mbaol a meatha de dheasca bhrúcht na mórmheán cumarsáide.

Scríbhneoireacht na Gaeilge

- go gcaithfear a aithint agus polasaithe á bhforbairt, gur pobal óg go leor iad na daoine a deireann go bhfuil siad cumasach i labhairt na Gaeilge, agus gur muintir cathrach a bhformhór.
- go bhfuil todhchaí ealaíona na Gaeilge i gcontúirt de bhrí nach bhfuil ach dornán daoine ag baint leo.
- go bhfuil todhchaí ealaíona na Gaeilge ag braith ar chóras an Ghaeloideachais.
- go mbíonn cuid mhór imeachtaí cultúrtha níos deacra a reachtáil toisc go bhfuil pobal na Gaeilge chomh beag le taobh phobal an Bhéarla, agus go gcaithfear bheith solúbtha leis an chritéir agus trácht a dhéanamh ar chomhionannas dá bhrí sin.
- nach bhfuil Gaeilge ag duine ar bith i gComhairle Ealaíona Thuaisceart Éireann agus nach bhfuil painéal comhairleoirí aitheanta ann d'ainneoin an chúraim atá air gníomhaíochtaí na Gaeilge a luacháil.
- go n-imíonn cuid mhór daoine ón Tuaisceart go dtí an deisceart nó thar sáile agus go bhfoilsíonn siad lasmuigh den Tuaisceart. Agus lena chois, nach mbíonn na daoine atá i gceannas ar na healaíona seo ach sa Tuaisceart ar feadh tamaill ghairid, rud a chiallaíonn go bhfuil sé deacair daoine a oiliúint chun léiriú go leanúnach agus chun margadh eolach a chothú.
- nach bhfuil gnáth-threithe scríbhneoireacht na Gaeilge ag fóirstean do mhargadh Uladh sa mhéid is nach ndéanann sé freastail ar na buarthaí agus ar an chumas teangeolaíochta atá ann, agus gur dócha gur tríd an chanúint a spreagfar fás an mhargaidh.
- go bhfeictear go bhfuil scríbhneoireacht na Gaeilge dírithe ar na scoileanna de bharraíocht.
- go bhfuil foilsitheoirí Thuaisceart Éireann faoi mhíbhuntáiste as siocair go bhfuil siad in iomaíocht le tionscail na foilsitheoireachta sa deisceart a bhfuil an-chuid maoinithe faoi.
- nach gcothaítear miondíriú ar an ardchultúir, nó á roinnt an ina dheighleoga.
- go bhfuil gá ann forais thacaíochta do scríbhneoirí a chaomhnú ach chun deiseanna eile a aimsiú agus breith orthu ag an am chéanna.
- go bhfuil an córas oideachais lárnach i gcothú agus i bhfás litríocht na Gaeilge ach go bhfuil gá ann le cur chuige samhlaíoch laistigh den rannóg chun dul chun cinn a chothú.
- gur cheart feidhm a bhaint as na nascanna atá ann le teangacha eile go samhlaíoch, agus gur cheart tógáil ar na féidearthachtaí atá ann comhoibriú litríochta a bhunú idir Ghaeilge na hAlban agus canúintí na Gaeilge.

- go bhfuil gá ann tacaíocht a chur ar fáil don phoiblíocht agus don mhargaíocht.

Ainilís 'LLDB' – Ealaíona na Gaeilge

LÁIDREACHTAÍ	**LAIGÍ**
? Tá deis margaíochta mór go leor sa Ghaeloideachas chun scríbhneoirí lán-aimseartha a fhostú agus an lucht léitheoireachta a mhéadú amach anseo ? Oiread na foghlama i measc an phobail; bunú eagraíochtúil ? Díograis eagraíochtaí maoinithe san earnáil phoiblí don Ghaeilge agus dá healaíona ? Oiread an taighde acadúil ar ábhair chultúrtha ? An Ghaeilge agus an Léann Ceilteach á dteagasc lasmuigh d'oideachas foirmeálta ag an tríú leibhéal ? Cultúrlann mar ionad cultúrtha ? Ollstór scríbhneoireacht na Gaeilge ? Bailiú amhrán i gcontae an Dúin/Ard Mhacha ? Cóngarach do Ghaeltacht Tír Chonaill agus na coláistí samhraidh	? Is beag duine atá páirteach i ndrámaíocht amaitéarach agus ní bhíonn léirithe rialta ann ? Níl mórán amhránaithe úra Gaeilge ann ? Níl mórán ann ó thaobh na scríbhneoireachta chruthaitheacha de ? Easaontas faoin Chaighdeán liteartha ? Tá margadh foilseachán na Gaeilge róbheag le le háiméar eacnamaíoch a chur ar fáil ? Ní féidir le gach duine ar mian leo é Teilifís na Gaeilge (TG4) a fháil gan chostas ? Tá na deiseanna craolacháin teoranta ? Is tearc aisteoir oilte atá ann a bhfuil Gaeilge acu ? Is beag scríbhneoir cumasach Gaeilge atá ann a bhfuil taithí acu
DEISEANNA	**BAGAIRTÍ**
? Taispeánann sampla na Breataine Bige gur féidir le craoltóirí comh-oibriú chun soláthair clár a mhéadú do lucht féachana/éisteachta mionteangach ? Cuireann córas an Ghaeloideachais deiseanna ar fáil do scríbhneoirí srl. ? Deiseanna do chainteoirí/scríbhneoirí Gaeilge sna 'Seirbhísí' srl. ? Tá margadh úr don scríbhneoireacht agus deis léirithe do scríbhneoirí agus d'fhilí sna scoileanna – cothaítear oilteacht ? Nascanna idirnáisiúnta a bhunú ? Ealaíona na Gaeilge i gcoláistí samhraidh Ghaeltacht Thír Chonaill ? Oidí amhránaíocht shean-nóis a bhíonn ag taisteal le bheith ag obair i gcoláistí samhraidh Ghaeltacht TC – Tionscnamh réigiúnach mhiontheangacha an BBC. ? Déanfaidh craoltóireacht amach anseo margadh do scríbhneoirí teilifíse ? Tionscnamh bailithe agus foilsithe amhrán ? Costas áiméar foilsitheoireacht gréasáin íseal	? De réir mar a laghdaíonn tábhacht na polaitíochta mar spreagthach an laghdóidh an teanga leis? ? Laghdú phobal na Gaeilge sa deisceart ? Mura ndéantar buanna úra a fhorbairt i ndul chun cinn cultúrtha ní bheidh an rannóg in ann breith ar na deiseanna úra a thagann de réir mar a athraíonn an sochaí ? Laghdaíonn meath eacnamaíoch sa deisceart an mhaoiniú atá ar fáil do chraoltóireacht na Gaeilge ? Easpa scríbhneoirí úra le hobair a sholáthair a bhfuil blas na comhaimsire uirthi ? Cuirfidh an easpa chumarsáide maidir le himeachtaí, cúrsaí srl. bac ar fhás ealaíona na Gaeilge má leanann rudaí mar atá. Cuirfidh sí bac ar fhorbairt líon na ndaoine atá rannpháirteach, ar lucht éisteachta/féachana agus ar ardú an chaighdeáin

Tosaíochtaí na Forbartha

15 Is féidir na tosaíochtaí forbartha a d'éirigh as an anailís a shonrú mar seo a leanas: -

Ginearálta

- Tá staidéar de dhíth chun staid fhorbairt na n-ealaíon laistigh den Ghaeloideachas a scrúdú.
- Ba cheart do na heagraíochtaí cuí torthaí an staidéir seo a úsáid agus iad ag forbairt clár tacaíochta oideachasúil.
- Is gá tionscnaimh a bhaineann leis na meáin a thosú chun craolachán i nGaeilge a mhéadú.
- Tá clár oiliúna de dhíth ar dhaoine atá gníomhach i rannóg ealaíona na Gaeilge atá dírithe ar dhaoine a mhealladh ón phobal chun bheith páirteach – clár a chuirfeadh é ar a gcumas luas na forbartha ina iomlán a mhéadú.
- Caithfidh an rannóg clár poiblíochta ginearálta a chur i bhfeidhm agus gníomhaíochtaí foirmeálta a eagrú chun lucht éisteachta/féachana a mhéadú.

Rannóg an Oideachais agus Rannóg an Phobail

Amhránaíocht

- Amhránaíocht ar an tsean-nós a thabhairt isteach i scoileanna samhraidh an cheoil thraidisiúnta.
- Amhránaíocht ar an tsean-nós a chur chun tosaigh sna Feiseanna is mó.
- Amhránaíocht ar an tsean-nós a thabhairt isteach i gclár Sparánacht Cheol Chlasaiceach Iarthar Bhéal Feirste.
- Deiseanna teagaisc ghluaistigh a bhunú.

Scríbhneoireacht

- Clár chun scríbhneoirí cónaithe bheith sna Gaelscoileanna.
- Scoil shamhraidh.
- Comórtais scríbhneoireachta do scoileanna.
- Clár forbartha chun ranganna scríbhneoireachta a thabhairt chuig grúpaí pobail.

Drámaíocht

- Tionscnamh fhorbairt drámaíochta do scoileanna.
- Tionscnamh drámaíochta don aos óg ar fud an tuaiscirt.
- Scoil shamhraidh drámaíochta.

Rannóg na nEalaíon Gairmiúil

Amhránaíocht

- Tionscnamh bailithe agus forbartha.
- Clár faisnéise don Teilifís/imeacht thaispeántais
- Tionscnamh oiliúna chun aird a díriú ar amhránaithe úra agus ar scríbhneoireacht chomhaimsire sa genre seo.

Scríbhneoireacht

- Comhdháil ar scríbhneoireacht chruthaitheach na Gaeilge (le seimineáir d'fhoilsitheoirí – chun tacaíocht don eagarthóireacht a chur chun cinn).
- Irisleabhar litríochta léirmheastach.
- Camchuairt scríbhneoirí na Gaeilge agus Ghaeilge na hAlban.

- ‘Líonra Scríbhneoirí’ a bhunú.
- Scríbhneoireacht na Gaeilge a bheith mar chuid d’fhéilte móra.
- Tionscnamh chun oide múinte a chur ar fáil do scríbhneoirí úra.
- Duais úr d’fhicsean.

Drámaíocht

- Bunachar sonraí de lucht féachana (rannta).
- Sparánacht oiliúna d’aisteoirí (aisteoirí teilifíse san áireamh).
- Drámaíocht Ghaeilge i bhféilte móra.
- Oiliúint do scríbhneoirí teilifíse.
- Coimisiún Craoltóireachta do dhráma nua raidió.

Cur Chun Cinn

- Cláir fhaisnéise don teilifís/raidió
- Liostaí imeachtaí – sna nuachtáin/ar an raidió.
- Léirmheasanna i bhfoilseacháin Ghaeilge (new development).
- Ailt sna nuachtáin.

Taighde a bhaineann le healaíona phobal Albainis Uladh

Nóta: Ní bhaineann ealaíona Albainis Uladh le cúrsaí teanga amháin ach le roinnt foirmeacha, nach foirmeacha teangeolaíocha iad, chun a gcultúir a léiriú.

16 Tá pobal mór Albanach suite in Ulaidh ón tseachtú haois déag ar aghaidh. Sula raibh a dhath ann a bhféadfaí 'gluaiseacht athnuachana' a thabhairt uirthi, bhí cuid mhór suime ann i ngníomhaíochtaí ealaíona a eagraíodh a raibh bunús Albanach acu – buíonta píobaireachta, damhsa tuaithe Albanach agus ceiliúradh 'Burns Night'. D'eascair an t-athnuachan i bhformhór:

- ón tsuim úr i bhféiniúlachtaí réigiúnacha a d'fhás in éadan athruithe pholaitíocha agus eacnamaíocha na hEorpa agus athruithe na domhandaithe;
- ó athnuachan na hAlbainise in Albain sna 70aidí;
- ón tacaíocht a fuarthas ón Biúró Eorpach do Theangacha Neamhfhorleathana;
- ó athnuachan na Gaeilge agus chultúr na nGael.

17 Tháinig na heagraíochtaí éagsúla a raibh baint acu le forbairt Albainis Uladh le chéile i 1995 chun Comhairle Oidhreacht Albainis Uladh a bhunú. Is eagraíocht chinn riain rannóige í le dualgais chothaithe agus iarratais, le dualgais phobail, agus le dualgais fhorbairt na n-ealaíon agus na hoidhreachta. Bhí dhá ghné leis an phróisis a chur sé ar bun; ceann a bhain leis an phobal agus ceann eile a bhain le 'ábhair ar leith'.

Módhanna Taighde

18 Chun taighde a dhéanamh ar phobal Albainis Uladh rinneadh agallaimh le daoine áirithe a eagrú, seoladh ceistneoir tríd an phost chuig eagraíochtaí cultúrtha Albainis Uladh (d'freagair 33%), a rinne iarracht a fháil amach cad é an dóigh ar cuireadh eagraíochtaí ar bun agus cad é a rinne siad. Bhí 3853 ball ag na grúpaí ina n-iomlán. Bhí níos lú ná 100 ball ag 57% de na grúpaí (bhí níos lú ná 50 ag 44% acu) ach bhí corradh le 1000 ball ag dhá ghrúpa (11% de na daoine a d'fhreagair).

19 Léiríonn an anailís shochdhéimeagrafach a rinneadh ar na staitistigh: -

- gur fir iad 70% den bhallraíocht;
- go bhfuil bunús na banbhallraíochta (53%) faoi 18 bliain d'aois
- gur suntasach go bhfuil níos lú banbhaill (8%) go mall sna déaga/agus sna 40í páirteach ná fearbhaill;
- go bhfuil 41% faoi 18 bliain d'aois (59% faoi 30); 9% thar aois an scoir; go bhfuil líon na ndaoine atá thar 65 bliain d'aois rannta go cothrom de réir gnéis;
- go bhfuil 20% dífhostaithe; 15% ina mic léinn; 40% ina n-oibrithe láimhe; 10% ina n-oibrithe oifige; 5% ina mbainisteoirí; 10% ina mbainisteoirí sinsearacha nó ina n-oibrithe gairmiúla.

20 Is cosúil ón scrúdú a rinneadh ar staitistigh bhallraíochta ón 54 eagraíocht chultúrtha Albainis Uladh a bhí dírithe ar an phobal agus ar 'ábhair ar leith' (a

rabhthas eolach orthu ag an am ar seoladh an ceistneoir), go bhfuil tuairim is 6000 duine bainte le gníomhaíochtaí cultúrtha Albainis Uladh.

21 Ní bhíonn ach grúpa amháin acu ag feidhmiú trí mheán Albainis Uladh amháin. Baineann tromlach na ngrúpaí (56%) leas as an Bhéarla amháin agus tá 39% dátheangach (Béarla agus Albainis Uladh). Ní raibh teagmháil ag grúpa ar bith leis an Ghaeilge.

22 Díríonn na gníomhaíochtaí ar an cheol, ar an damhsa agus ar Albainis Uladh. Ach is é an deis teacht le chéile an rud is mó a luadh a spreagann na grúpaí (89% dóibh siúd a d'fhreagair), áfach. Bíonn siad díograiseach sna rudaí a dhéanann siad don fheidhm atá acu an pobal a chur chun cinn (50% de na grúpaí).

23 Is í oiliúint uirlisí ceoil (déanann 2697 freastal) a mheallann níos mó daoine ná ceann ar bith eile de na 5 cúiseanna is mó a luadh; ina dhiaidh sin cruinnithe shóisialta (1580), ceadail agus coirmeacha ceoil (1480), gníomhaíochtaí fhorbairt phobail (726), agus drámaíocht, idir chleachtadh agus léiriú (407).

Rudaí a d'éirigh as

24 Gan amhras ar bith is í an fhadhb is mó atá ag grúpaí Albainis Uladh ná an easpa áiseanna atá acu – maoiniú, saoráidí agus an gá atá ann le foireann lánaimseartha.
Is féidir na fadhbanna eile a roinnt ina dtrí hábhar leathan: -

- imeallú/éidearbhú á dhéanamh ar chultúr Albanaigh Uladh rud a chothaíonn easpa mhuiníne astu féin (rud a dúirt 22% de na grúpaí);
- daoine óga a mhealladh agus a choinneáil páirteach (17% de na grúpaí);
- deacrachtaí freastal a dhéanamh ar an éileamh atá ann ar oiliúint (11%).

Tosaíochtaí na Forbartha

25 Ba iad seo na tosaíochtaí forbartha ba thábhachtaí a léirigh na grúpaí a thug freagra (agus meáchan leo): -

Tosaíocht	Forbairt Ghníomhaíochta	Tosaíocht	Forbairt Ghinearálta
1	Ceadail & Coirmeacha Ceoil	1	Daoine a chur ar an eolas
2	Oiliúint Uirlisí Ceoil	2	Oiread teagaisc a méadú
3	Forbairt Phobail	3	Níos mó imeachtaí
4	Cruinnithe Sóisialta	4=	Maoiniú
5	Ranganna Damhsa Traidisiúnta	4=	Saoráidí
6=	Ealaíona Albainis Uladh	4=	Forbairt Phobail
6=	Foilsitheoireacht	4=	Dul chun cinn san oideachas
8	Drámaíocht	4=	Féilte
9	Leiriú Damhsa Traidisiúnta	4=	Gníomhaíochtaí don aos óg
10	Seisiúin Cheoil		

Anailís LLDB

26 Cuireadh an Anailís LLDB seo le chéile leis an eolas a fuarthas ón cheistneoir: -

LÁIDREACHTAÍ	**LAIGÍ**
? Rannpháirtíocht i mbuíonta mórshiúil ? Comórtais Chumann Ríoga Bhuíon Píobaireachta na hAlban agus Scoil Píobaireachta & Drumadóireachta – cuid de líonra domhanda ? Caighdeán domhanda bhuíonta píobaireachta Thuaisceart Éireann agus Acadamh Albainis Uladh agus an díriú atá ar athfhorbairt na teanga agus na foghlama ? Nós go n-eascraíonn forbairt an phobail agus na n-ealaíon ón phobal féin ? Stair Albanaigh Uladh/Éireannaigh Albanacha ? Scaipeadh ar fud Mheiriceá agus an t-ollstaidéar acadúil ansin ? Pobal láidir de chainteoirí dúchais Albainis Uladh sna ceantracha ina labhraítear í ? Sainfhoinse maoinithe úr: Gníomhaireacht Albainis Uladh ? Craobh Bhuíonta Píobaireachta an Domhain i gcónaí i mBéal Feirste ? Ba mhaith leis an phobal eolas a chur ar a stair & barúil cheart a fháil ar a bhféiniúlacht; Feictear go dtugann Albainis Uladh míniú ar a mbunús féiniúlachta nuair nach bhfuil daoine sásta le mínithe eile ? Dul chun cinn san oiread spéise atá ann sa drámaíocht mar mheán cultúrtha ? Cuireann Ceolfhoireann Albainis Uladh na nDaoine deis siamsaíochta ar fáil agus léiríonn sí cad is féidir a dhéanamh chun suim a spreagadh i gceol traidisiúnta Albainis Uladh.	? Feictear go bhfuil easpa stiúrtha ann ó Ghníomhaireacht Albainis Uladh ? Níl áiteanna ag grúpaí Albainis Uladh le bheith ag obair iontu; easpa threallaimh ? Easpa oibrithe forbartha oilte ? De bhrí go bhfuil cuid mhór de na grúpaí neamhspleách agus ag braith orthu féin ní iarrfaidh siad tacaíocht – rud a chuireann bac ar an fhorbairt ? Is beag teagmháil atá idir an iarthar agus an oirthear ? Easpa mhúinteoirí cáilithe damhsa (rud atá amhlaidh le hábhair eile chomh maith) ? Easpa theagmhála leis an mheán aicme laistigh den phobal – rud a laghdaíonn an maoiniú agus an stiúradh cumasach atá ar fáil ? Baint ar bith leis an chóras oideachais ? Tá an teanga teoranta de bhrí nach bhfuil caighdeán scríofa agus réim fhoirmeálta/ chomhaimseartha teanga ann ná téarmaíocht ar chuid mhór ábhar ? Feictear go bhfuil tearcmhaoiniú faoi Institiúid Albainis Uladh (Ollscoil Uladh) i gcomparáid le cultúr agus oidhreacht na Gaeilge ? Mothaíonn cuid mhór grúpaí go bhfuil siad ina n-aonar ? Géarghá ann le hoibrithe deonacha a oiliúint ? Níl ardán ann don cheol ghairmiúil chun daoine a mhealladh agus deiseanna a chruthú
DEISEANNA	**BAGAIRTÍ**
? Damhsa Gaelach na hAlban a chruthú mar chaitheamh aimsire úr do girseacha (go príomha) a mheallann iad féin agus a dteaghlaigh isteach i gcultúr Albanaigh Uladh – comórtais maith do chaighdeán an damhsa ? Tá deis ann agus Comhairle Oidhreacht Albainis Uladh ag comhordú, beart fhorbairt rannóige amháin a chruthú ? Mhair stíl fidléireachta Albanaigh Uladh in oirthear an Dúin: tá deis ann stíl agus an réimse ceoil aonair a dhéanamh de agus chun ceol traidisiúnta Albanaigh Uladh a thógáil agus a athfhorbairt ar an bhunchloch seo ? Tugann an taighde atá á dhéanamh in Albain ar chultúr na hAlban agus cúrsaí Acadamh Ríoga Cheol agus Damhsa na hAlbain deis tacaíochta d'Albainis Uladh ? Tá féidearthachtaí ann maidir le buíonta píobaireachta ar fud an domhain	? Naimhdeas follasach a fheictear in aghaidh Albainis Uladh – na meáin ina measc ? Easaontais acadúla os comhair an phobail ar ábhair nach bhfuil tábhacht leo de bhrí go dtugann siad míchlú ar an ghluaiseacht ? Polaitiú chultúr Albanach Uladh ? Cuirfidh diúltú mhaoiniú an chrannchuir ar chúiseanna creidimh bac ar an ghluaiseacht ? Nós atá ann gan bheith ag roinnt áiseanna ? D'fhéadfadh barúlacha éagsúla ar an chaidreamh leis an Ghaeilge an ghluaiseacht a scoilteadh ? Chur an mhoill a bhí ar bhunú Acadamh Albanach Uladh bac ar dheiseanna chun cúlra acadúil bheith le hócáidí cultúrtha ? Mura ndéantar banaistíocht dhearfach ar an dóigh a dtéann grúpaí i mbun beartaithe fhorbartha cultúrtha b'fhéidir nach mbainfí feidhm as na háiseanna atá ar fáil go héifeachtach

Tosaíochtaí na nEalaíona

27 Sonraíodh tosaíochtaí na n-ealaíon mar seo a leanas: -

Damhsa

Damhsa Gaelach na hAlban

- Géarghá ann clár forbartha a bhunú do mhúinteoirí
- Gá ann go dtuigfidh múinteoirí Chorp Oideachais an tábhacht atá le Damhsa Gaelach na hAlban (agus Damhsa Tíre na hAlban) ag an phobal agus go dtugtar tosaíocht dó laistigh den ghné 'Damhsa Tíre' i gcuraclam an Chorp Oideachais

Damhsa Tíre na hAlban

- Clár de dhíth chun cumais cheoltóirí a fhorbairt chun go seinnfidh siad don damhsa
- Gá daoine óga a mhealladh chun bheith páirteach

Damhsa Ciorcail agus Cearnóige Uladh

- Géarghá ann na damhsaí a scríobh síos
- Gá ann liosta port a thiomsú agus an dóigh a seinntear iad le damhsaí áirithe, iad a scríobh síos agus a thaifeadadh
- Gá ann eolas agus tuiscint mhúinteoirí damhsa ar na damhsaí seo a fhorbairt
- 'Foireann taispeántais' a bhunadh chun páirt a ghlacadh i bhféilte Albainis Uladh
- Daoine óga a chur ar an eolas trí ranganna Damhsa Gaelach na hAlban agus Damhsa Tíre na hAlban

Ceol agus Amhránaíocht

- Tionscnamh Sainmhínithe – trí thaighde ar an stair agus ar an cheol – réimse, ionstraimíocht agus stíl
- Clár theagasc uirlisí a fhorbairt
- Gá ann le mórimeacht cheoil
- Leabhar ceoil agus amhrán, agus sraith taifeadtaí a fhoilsiú

Buíonta

- Oibrí forbartha do ghluaiseacht na mbuíonta píobaireachta
- Scoil cheoil a bhunú do bhuíonta fhonn flúit
- Sainranganna

Drámaíocht

- Tionscnaimh chun an drámaíocht a fhorbairt a bhfuil 3 ghné iontu: -
  - Comhlacht dhrámaíochta Albanach ag léiriú ábhar i mBéarla na hAlban chun camchuairt a thabhairt;
  - Léirithe áitiúla Albainis Uladh/Albainise i gcomhar le Grúpa Drámaíochta Ollscoil na Banríona agus grúpaí áitiúla ar nós 'Crack it open' agus 'Blue Tiger Productions'
  - Scríbhneoireacht úr do na hamharclanna in Albainis Uladh/Albainis

- Tionscnamh drámaíochta don aos óg le tógáil air seo
- Rang Albainis Uladh/Albainise a thabhairt isteach i bhféilte 'labhairt agus drámaíocht' – ag díriú ar Burns mar thús

Scríbhneoireacht

- Bunachar téacs a bhunú
- Tionscnamh cnuasaithe
- Ranganna scríbhneoireachta cruthaitheacha
- Scríbhneoireacht Albainis Uladh/Albainise a thabhairt isteach i bhféilte scríbhneoireachta
- Scríbhneoir cónaithe Albainis Uladh
- Ciste foilsithe

28 Níos tábhachtaí fós, caithfear a aithint nach féidir leis an dul chun cinn seo a tharlú agus easpa bhonneagair ann nó mura bhfuil clár cothaithe éifeachtaigh ann chun daoine a spreagadh agus a chur ar an eolas agus chun na daoine atá páirteach a stiúradh.

Taighde na nEalaíon Traidisiúnta

29 Tá borradh faoi ghníomhaíochtaí ealaíon 'traidisiúnta' (ceol uirlise agus an damhsa). Tá idir ghníomhaíochtaí amaitéireacha agus pobail, agus léirithe gairmiúla ann. Tugann na healaíona seo é ar chumas cheoltóirí agus mhúinteoirí damhsa a mbeatha a thabhairt i dtír.

Modhanna Taighde

30 Is é a bhí i gceist sa taighde ná agallaimh le daoine áirithe agus ceistneoir a seoladh amach tríd an phost chuig eagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí a bhí dírithe ar chúrsaí cultúir a bhí ag obair laistigh de phobal cultúir na nGael (d'fhreagair16%).

31 Léirigh an ceistneoir dá fhaide a bhí na heagraíochtaí ar bun gur amhlaidh gur mhó oiread ballraíochta a bhí acu. Tá an rannóg ina bhfuil na heagraíochtaí a bhfuil 'meánbhallraíocht' acu láidir, ach níl eagraíochtaí ar bith ann a bhfuil breis agus 500 ball acu. Ag an taobh eile den scála, ní raibh an oiread céanna eagraíochtaí ann a dúirt go raibh faoi 50 ball acu, rud a bhféadfadh a léiriú nach bhfuil an oiread sin ghníomhaíochtaí tosaithe ar bun.

32 Deireann 9 eagraíocht (75%) go bhfuil ballraíocht s'acu ag méadú, 25% nach bhfuil athrú ann agus níl cuid ar bith ag dul i laghad.

33 Tugann an anailís shochdhéimeagrafach a rinneadh ar na staitisticí ballraíochta le fios: -

- go bhfuil siad dírithe ar dhaoine óga faoi 18 bliain aois (33%) gan laofacht inscne; go bhfuil neart in aoisghrúpa 31-45; agus go bhfuil laofacht ann in aoisghrúpa 46-65 i leith na bhfear;
- go bhfuil nós ann cloí lena mballraíocht; dúirt 14% dóibh siúd a thug freagra go raibh baill acu a bhí thar aois a scoir;
- gur mhic léinn agus gur dhaoine dífhostaithe iad na grúpaí eacnamaíocha is mó a bhí mar bhaill acu; go bhfuil díriú ar an lucht oibre agus nach bhfuil mórán teagmhála le lucht na meánaicme.

34 Fuair caoga faoin chéad dóibh siúd a thug freagra maoiniú ó Chomhairle Ealaíona Thuaisceart Éireann agus 33% ó Fhoras na Gaeilge agus thug údaráis áitiúla tacaíocht do 25% acu. Luaigh 42% de na heagraíochtaí deontais eile ó eagraíochtaí na hearnála poiblí. Thug 25% de na grúpaí táillí oiliúna mar fhoinse theacht isteach. Níor luaigh ach 25% acu sin a thug freagra tabhartais dheonacha agus síntiúis mar fhoinse.

35 Bhí oibrí lánaimseartha nó páirtaimseartha ar thuarastal ag 67% de na grúpaí a thug freagra chun na heagraíochtaí acu a reachtáil.

36 De bhrí go bhfuil meánfhad an ama atá siad ar bun níos faide, go bhfuil níos mó gníomhaíochtaí ar siúl acu, agus go bhfuil bonneagar níos mó cnuasaithe acu, is airde an costas oibríochta ag eagraíochtaí Gaeilge ná ag eagraíochtaí Albainis Uladh.

37 Oibríonn formhór na ngrúpaí trí mheán na Gaeilge amháin (33%) nó trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla (33%). Ní bhaineann ach 2 grúpa úsáid as an Bhéarla amháin (17%) agus baineann 2 eagraíocht eile leas as an Ghaeilge agus teanga Cheilteach eile (Gaeilge na hAlban).

38 Ón taighde seo feictear go bhfuil 1713 daoine páirteach leis na heagraíochtaí a thug freagra; má chuirtear an céatadán seo i bhfeidhm ar na heagraíochtaí go léir ar seoladh ceistneoir chucu dhealródh sé go bhfuil corradh le 18,500 duine páirteach in imeachtaí agus i ngníomhaíochtaí traidisiúnta cultúrtha. Meallann ceadail agus coirmeacha ceoil níos mó daoine ná gníomhaíocht ar bith eile, ina dhiaidh sin bíonn an oiread is mó daoine páirteach i ngrúpaí agus i léirithe drámaíochta, agus i ranganna amhránaíocht shean-nóis. Cé go bhfuil an seisiún ceoil ar an dara imeacht is coitianta a chuirtear ar fáil, is cosúil nach féidir ach le hoiread beag daoine bheith páirteach. Is cosúil gur amhlaidh an rud céanna don tseanchas. Meallann teacht le chéile sóisialta cuid mór daoine chomh maith.

Constaicí

39 Is í an fhadhb is mó atá ag na heagraíochtaí ná an maoiniú, ach ba iad na constaicí eile a bhí roimh ghrúpaí ná: -

- an gá atá ann níos mó daoine a tharraingt isteach i reáchtáil rudaí;
- deacrachtaí a bhaineann le lucht féachana/éisteachta a mhealladh;
- an easpa spáis atá ar fáil le himeachtaí a lonnú ann;
- gá atá ann bainistíocht níos éifeachtaí a chothú.

40 I measc chonstaicí eile tá: -

- easpa threallaimh agus oibrithe oilte;
- gá ann daoine óga a mhealladh;
- poiblíocht éifeachtach de dhíth;
- dearcadh ann nach bhfuil ealaíona na Gaeilge bainteach agus tá gá ann an pobal a spreagadh chun bheith gníomhach;
- grúpaí ag braith ar dheontais;
- gá ann tacaíocht a chur ar fáil don aos dána;
- folús obair thrasphobail ann;
- gá ann cinneadh ar straitéis fhorbartha amháin don rannóg.

Tosaíochtaí na Forbartha

41 Tugadh meáchan (de réir mhinicíocht ord tosaíochta) de thosaíochtaí na forbartha agus fuarthas an 5 ceann is práinní: -

Tosaíocht	Forbairt Ghníomhaíochta	Tosaíocht	Forbairt Ghinearálta
1	Ceadail & Coirmeacha Ceoil	1	Caighdeán na hoiliúna a fheabhsú
2	Oiliúint Uirlisí Ceoil	2	Daoine a mhealladh chun bheith páirteach / forbairt na n-ealaíon
3	Cruinnithe Sóisialta	3	Níos mó deiseanna don aos dána – obair nua
4	Ealaíona na Gaeilge	3=	Maoiniú a mhéadú
5	Seisiúin cheoil neamhfhoirmiúla	3=	Bunachair sonraí níos fearr

42 Chonacthas do na heagraíochtaí gur cheart aird a dhíriú ar an ghá atá ann le: -

- cúlra níos gairmiúla a bheith ag an fhorbairt chultúrtha ag leibhéal an phobail trí áiseanna a chur ar fáil agus ceannairí a stiúrú.
- tuilleadh poiblíochta agus cothaithe chun an pobal a chur ar an eolas.
- rochtain ar mhaoiniú a éascú.
- hoiliúint na n-ealaíon a mhéadú.
- camchuairteanna a mhéadú chun suim a spreagadh i litríocht na Gaeilge agus Ghaeilge na hAlban.

Anailís LLDB – Ealaíona Traidisiúnta

LÁIDREACHTAÍ	**LAIGÍ**
? Cláir oiliúna CCÉ ? Oiread daoine atá páirteach faoi láthair ? Comórtais ? Cultúrlann mar lárionad cultúrtha ? Pobal ar an eolas faoi ? Oiread tacaíochta ó na meáin ? Clú amuigh ar dhamhsóirí agus ar cheoltóirí ar fud an domhain ? An Ghaeilge agus an Léan Ceilteach á dteagasc lasmuigh de rannóg an oideachais ? Méid an eagraithe ag leibhéal an phobail le hoibrithe ar thuarastal ? Comhlachtaí maoinithe díograiseacha sa earnáil phoiblí don Gaeilge agus dá healaíona ? Bonneagar ar fud na hÉireann ? Bailiú amh rán i gcontae an Dúin/Ard Mhacha ? Borradh an Ghaeloideachais	? Easpa oideachas tríú leibhéil i gceol agus i ndamhsa traidisiúnta na nGael ? Easpa áiteanna leis an cheol a sheinm ? Easpa cheoil thraidisiúnta ghairmiúil ? Níl mórán amhránaithe úra traidisiúnta ag teacht chun tosaigh ? Ní féidir le gach duine ar mian leo é Teilifís na Gaeilge (TG4) a fháil gan chostas ? Tá deiseanna craolacháin teoranta ar mheáin Thuaisceart Éireann ? Níl mórán láithreacha inrochtana ann
DEISEANNA	**BAGAIRTÍ**
? Iardhaltaí CCÉ a mhealladh ar ais ? Deis ann do theagasc gluaisteach le fás an Ghaeloideachais ? Cuirfidh na stíleanna áitiúla a bhfuiltear ag teacht orthu gné úr leis an léiriú ? Cuireann fás an Ghaeloideachais deiseanna ar fáil don léiriú – cothaítear oilteacht ? Nascanna idirnáisiúnta a bhunú ? Foirmeacha úra craolacháin áitiúil a fhorbairt	? Seans go gcaillfidh daoine suim ann de réir mar a athraíonn an suíomh polaitiúil ? Mura bhfuil sé ionraic feicfear don phobal é ? Cuireann easpa chumarsáide cosc ar an fhás ? Easpa oidí maithe chun caighdeáin a ardú agus daoine a mhealladh ? Laghdú líon na nÉireannach in Éirinn ? Cultúir á ndomhandú

Tosaíochtaí na nEalaíon

43 Is féidir na tosaíochtaí forbartha a d'éirigh as an anailís a shonrú mar seo a leanas: -

Ceol

- Comórtas 'Seinnteoir Óg Traidisiúnta na Bliana' a bhunú
- Ceol traidisiúnta a thabhairt isteach i gcúrsaí oideachas tríú leibhéil
- 'Sainranganna' do na huirlisí is coitianta
- Ceol traidisiúnta a theagasc sna scoileanna ar bhealach gluaisteach

Damhsa

- Tacaíocht a chur ar fáil do ranganna agus d'imeachtaí damhsa do dhaoine fásta

Toirbhirt na Forbartha

44 Tá eagrú, beartú agus bainistíocht na forbartha, agus rannpháirtíocht in imeachtaí cultúrtha phobail na Gaeilge agus Albainis Uladh ar chéim eile ar fad dá bhforbairt. Dá bhrí sin ní hionann na gnéithe lárnacha agus na tosaíochtaí a bhaineann leis na bearta forbartha a leagfar amach don dá phobal. Tá staid fhorbartha ealaíona na Gaeilge corrach go leor agus caithfear á socrú go tiubh géar gasta. Níl Albainis Uladh ach ag tosú amach ar bhóthar na forbartha agus is beag i ndáiríre a bhfuil ann de bhonneagar. Níl fiú sainmhíniú sásúil ann ar cad is ealaíona Albainis Uladh iontu nó fáth gur rud ar leith iad. Is léir ar an taobh eile den scéal cad is ealaíona traidisiúnta iontu nó go bhfuil siad bunaithe go hidirnáisiúnta agus go bhfuil an oiread tacaíochta ar fáil acu, agus a chinnteoidh go mbeidh siad ann san am atá romhainn, cé nach bhfuil sé foirfe.

45 Léiríonn an tuairisc seo go bhfuil dul chun cinn nach beag de dhíth agus ní féidir seo a dhéanamh ach le comhoibriú idir eagraíochtaí. Cé gurb iad Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht Albainis Uladh is mó a chuireann seirbhísí ar fáil dá bpobail agus cé gur chóir dóibh ionchur a bheith acu i gcur le chéile polasaithe, táthar den bharúil gur cheart do Chomhairle Ealaíona Thuaisceart Éireann gach gné d'fhorbairt na n-ealaíon a stiúradh; ealaíona na Gaeilge agus gníomhaíochtaí ealaíona phobal Albainis Uladh. Chuirfeadh creatlach don todhchaí struchtúr ar fáil a thiocfadh 'ón bhun aníos' agus: -

- a n-oibríodh trí ghrúpaí (1) pobail agus trí ghrúpaí (2) ealaíon a bheadh mar ionadaithe éileamh agus sholáthar na rannóige.
- a dhéanfadh Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht Albainis Uladh a éascú (mar chomhlachtaí stiúrtha na rannóige).
- a dtabharfadh Comhairle Ealaíona Thuaisceart Éireann tacaíocht dó (mar réiteoir caighdeáin agus mar éascaitheoir / mhaoinitheoir forbartha).

Conclúid

46 Ní bhaineann ealaíona na Gaeilge agus Albainis Uladh leis an chruthaitheacht, nó leis an léiriú amháin; ach dóibh siúd a ghlacann páirt iontu tugann siad deis dóibh a bhféiniúlacht féin a chur in iúil agus cúlra s'acu a thabhairt le fios. Leagann siad síos dúshraith ar a bhféadann an duine aonair agus an pobal a dtodhchaí chultúrtha a thógáil. Níl amhras ar bith ann go bhfuil an suíomh ina maireann ealaíona na Gaeilge agus Albainis Uladh corrach míshocair. Is cosúil ámh, go bhfuil díocas ann chun dul chun cinn, trína bhféadfaí tairbhe iomlán a bhaint as an tacaíocht a bheidh ar fáil amach anseo.

Moladh

47 Ba cheart go gcuirfeadh Comhairle Ealaíona Thuaisceart Éireann cinnidh an taighde seo i bhfeidhm, le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge. Ba cheart don Boord

o Ulstèr-Scotch, na cinnidh a chur i bhfeidhm i gcomhar le daoine atá gníomhach sna pobail agus leis an aos dána. Déanfar seo trí na cláir dheontais, agus na gléasanna tacaíochta eile atá ann chun dul i mbun tosaíochtaí na forbartha, a fhorbairt. Caithfear fosta á dhéanamh i gcomhar le heagraíochtaí eile san earnáil phoiblí a bhfuil tionchar ag gníomhaíochtaí s'acu ar an deis forbartha seo.